Breis is Seasga Blian

Nuair a rugaḋ an mac so breis is seasca blian ó ṡoin, ḃí n-a gcoṁnaí sa tiġ s'againne, i gcuid-eaċt liomsa agus le m'aṫair is mó ṁáṫair, beirt ṡeanaḃean, máṫair mo ṁáṫara agus a sean-ċara, Anna Bean Uí Ġormáin-Máiġread ar ḃ'ainm do mo ṡeana-ṁáṫair.

Um a dtaca san, cosaṁail le n-a gcuid coṁ-aimsear, ḃíoḋ an ḃeirt seo ag soláṫar rud beag airgid dófa féin ag déanaṁ "white-work is spriggin' (rionn-aiḋeaċta) cois teineaḋ.

Gaeilgeoirí ó ḋúċċais an ḃeirt acu agus b'ṡin an ċéad baint a ḃí agam leis an teanga úd nuair a ṡuiḋinn ar mo stóilín ḃeag trí-ċosa ag éisteaċt leofa agus iad ag caint le n-a gcéile a tearga ḃinn blasta ár sinnsear. Is dóiċe gur ṗiocas an corr-ḟocal suas uafa agus is truaiġ go ḃfuarad-ar araon bás sul ar ṡroiċis - sa mo ṡeisear ḃlian ionnas naċ dtáinig liom an Ġaeilg d'ḟoġluim go nádúrta. Is amlaiḋ, áfaċ gur cuireaḋ grá don teanga im' ċroí ag an ḃeirt sin, agus gurab é sin an fáṫ go raḃas innann, gan múinteor, an lín-in-uaċtar d'ḟá-ḟail. Aċ gíoḋ go ḃfuilim in-inṁe an teanga do léiġeaṁ agus scrí-oḃaḋ (go measarḋa maiṫ) nílim fós ábálta í laḃairt ná í tuig-ḃeáil go beaċt nuair a laḃartar liom í mura laḃranns an cain-teoir go mall is go soiléir í ag coinneáilt gaċ focal scarṫa ós na foclaiḃ eile.

Sa ḃliain 1909, i mí an Iúil nó go móċ i mí na Lúnasa (tréis laeṫe saoire a' tsaṁraiḋ) ṫois-iġeas ag freastáil ar Scoil na mBráṫar Críostaiḋe.

An uair sin ḃíoḋ an Ġaeilg ḋá múineaḋ fríd an "Móḋ Díreaċ" ag na bráṫraċaiḃ aċ ní ḃíoḋ mór-án spéise ag na buaċaillíḃ inti agus ḃídís ag déanaṁ magaiḋ fuiṫe. Níor ṁaiṫ liom féin an "Moḋ Díreaċ" toisc mar ċual-as riaṁ (a' Béarla(caint mar: "The cat is on the mat" "The chalk is in the box and the box is on the table" agus b'ṡin na h-abairtí a ḃímís ḋá ḃfoġluim againn ar feaḋ uaire sa ló cúpla lá sa tseaċtain. Ḃíomar i n-ann "Tá an ċailc ins an mbosca agus tá an bosca ar an mbórd" agus a lán abairt eile mar san aċ nuair ar ḟágas an scoil sin, agus an baile coṁ maiṫ i 1912 ċa raḃ-as-sa ábálta an Ġaeilg do ċur ar "Good morrow to ye"

"How are ye?"

"I'm all right, thanks be to God, how's yerself?"

nó na gnáṫaċ abairtí laeṫeaṁala eile mar iad.

Measaim gur i 1912-13 gur cuireaḋ an ċéad rang Gaeilge ar bun i mbaile mo ḃreiṫe. Ḃíoḋ coṁnaiḋe ar mo connlainn an t-am úd amuiġ faoin tuaiṫ, ró-ḟada amuiġ ón rang ċun mé ḃeiṫ ábálta ar freastail air. Ḃíos i n-ann áfaċ leaḃar a ḃí i n-úsáid ag an rang d'ḟáil, leaḃar ar tug-aḋ "Móḋa na Ráiḋte" air. Bis-eaċ ar an "Móḋ Díreaċ" é toisc gur ṁúin sé abairtí don duine a ḃéaḋ úsáideaċ dó i gcoṁraḋ. Ċromas ar na habairtí seo d'ḟoġluim de ġlan meaḃair. Ba ġearr ná go raḃ a lán abairt ag-am gna aon deis agam úsáid dá laġad do ḃaint asta óir naċ raḃ mac-léinn Gaeilge ar biṫ eile i n-aice leis an áit n-a raḃ cónai-ḋe orm an t-am san.

Um a dtaca ċéana ar cuireaḋ an rang Gaeilge ar bun ag Conn-raḋ na Gaeilge ḃí gluaiseaċt eile ag teaċt ċun cinn n-ár mba-ile a ċuir méaduġaḋ ar spéis na ndaoine sa Ġaeilge: b'ṡin Óg-laiġ náisiúnta na hÉireann. Ḃíoḋ gaċ aon fear óg is a lán des na fearaiḃ meán-aosta ins na h-óg-laiḃ ag drileáil agus ag a n-ull-ṁuġaḋ féin in aġaiḋ an lae nuair a ġlaoḋraiḋe orra ṡeasaṁ ar páirc a' ċaṫa ċun tróda i gcóir saoirseaċta a dtíre. Ḃí an tír-ġrá ag borraḋ go tréan i ngaċ ḃfíor-ċroiḋe i riṫ na laeṫe úd aċ faraor! nar ṁair é.

Eadar 1912 agus 1912 ba ḃeag an seans a ḃí agam aon leaḃar Gaeilge do ċeannaċ. Ḃí an airgead gann agus ċa raḃ leaḃartaí d'á sórt sin ar fáil go h-áiteaṁail. Le na linn seo, aṁtaċ, do cuireaḋ ceaċta Gaeil-ge (moḋa na Ráiḋte arís) i gcló ar an "Irish Weekly and Ulster Examiner" agus ar an "Ulster Herald". I n-éindiġ leis sin ḃéaḋ anois agus arís, altanna is scéaltaí goirride Gaeilge ar "Ireland's Own", agus ar an "Irish Press", go h-áiṫrid tar éis Seaċtaine na Cásca.

I mí an Eanair, 1916 ċromas ar obair ar an ḟeirm. Ba ḃeag an ṗáiġe aċ ḃí mo ṁáṫair 'n-a bainisteoir ṁaiṫ agus ċuir sé cúpla bonn ruaḋ i n-aisce gaċ seaċtain agus nuair a ḃéaḋ a dóṫain sa ċiste ceannóċaḋ sí leaḃarán Gaeilge dom (nó 'ḋom' mar a ḋeireaḋ na seana - Ġaeil-geoirí i dTír Eoġain fadó). Ar na leaḃartaiḃ seo ḃí foclóir Gaeilge - Béarla a cuireaḋ i n-eagar ag an t-Urramaċ Pád-raig Ó Duinnín, M.A. Fuaras fosta 'Simple Irish Lessons' leis an tAṫair Eoin Ó Gramnaiġ. Cló boċt agus páipéar níos measa a ḃí sna leaḃartaiḃ san ċéadna aċ ḃíodar mar ċuideaḋ mór dom ⁊ b'iomḋa uair a ċaiṫinn ġá léiġ-eaṁ 's ġá stuidéar.

Níos muille, i ḃfad níos muil-le, ḃí sé d'áḋ agam 'Séadna d'ḟáġáil.

Leaṫnaiġ an leaḃar so mo raḋ-arc ar an teangaḋ. Ḃí sé níos dóiliġe aistriú do ḋéanaṁ (mar naċ raḃ an cleaċtaḋ céadna ag-am air) ar an leagan so Gaeilge ná mar a ḃí sé Gaeḋilg Enrí Uí Ṁuireasa nó Gaeilg an an tOl-laiṁ Craig d'aistriú. Aon rud ar ḋein sé, ḋearḃ sé doṁ-sa go mbaḋ ċóir d'aċan Ḃéarlóir a ḃéaḋ ag iarraiḋ na Gaeilge d'ḟoġlaim gaċ leagan nó canúint na teangan d'ḟoġlaim. Dá mbíoḋ san déanta ó 1916, go 1924 (nó um a dtaca san) nuair a ṫoisiġ an laġadaḋ ag teaċt ar spéis na ndaoine ar an teangaḋ measaim go mb'ḟearrde, do stáid na Gae-ilge fá láṫair agus go mbéaḋ an "Gaeḋilg Ċaiġdeanaċ" seo a mbíonn an oiread san tráċta uirre an lá inde, go mbéaḋ sé i mbeaṫa.

Nílim ag éileaṁ nó ag iarraiḋ a ḋéanaṁ amaċ go ḃfuil mo ċuid-se Gaeilge cur i gcomparáid in aon sliġe le teangaḋ ḃinn ḃlas-ta ċruinn ḃeaċt ár sinnsear. Níl na leaganaċa canúinte nó an gramadaċ ceart agam aċ sí an ṗoinnt a baḋ ṁaiṫ liom á ḋéan-aṁ anseo ná naċ raiḃ múinteor Gaeilge ar biṫ agam riaṁ ó ḃínn ar scoil na mBráṫar agus mé im' ġasúr eadar a h-oċt agus a h-aon ḃlian déag a d'aois nuair a ḃímís ag dul:—

"Caidé seo?" "Is cailc é sin."

"Cá ḃfuil an ċáilc?" "Tá an ċaidc ins an mbosca',, agus mar san de uair sa ló ḋá lá gaċ seaċ-taine.

'Sé a ṫorraḋ san go ḃfuilim anois an Ġaeilḋ do léiġeaṁ go maiṫ í scríoḃaḋ go measarḋa maiṫ aċ gan í laḃairt aċ go holc (is dóċa go mbím ag smaoineaṁ i mBéarla de gnáṫ) agus gan í ṫuigḃeáil mura laḃranns an cainteoir go measarḋa mall.

I míle naoi céad 's daiċead a h-aon do glaoḋaḋ isteaċ i n-Arm Sasna ċun ḃeiṫ páirteaċ i gcogaḋ Hitler. Ḃíoḋ m'aṫair, go ndéana Dia trócaire ar a anam, ḃíoḋ sé ag obair i n-Iar-Ṁiḋe ⁊ ṫoisiġ sé ag cur páipéar Gaeilge ċugam. I gcionn des na páipéiriḃ seo ċonaic ainm fir óig a' Gail-liṁ agus giota nuaċta ḋá rá go rai ḃsé ag obair insan dtiġ ósta i Llandudno. Scríoḃas ċuige ag an óstán. Ní ḟuartas freagairt uaiḋ-sean aċ cúpla seaċtain n-a ḋiaiḋ sin fuaras litir ó ṡagart i nGaillim. D'ḟan (nó arḃ fearr dom 'ṁair' do rá anseo) an coiṁfreagraḋ a ċuir-eaḋ tús leis insan síos go dtí'n lá indiu. Sa dóiġ seo ḃíos ábál-ta fábil ar ṡiúl ó'n "Gaeḋilg Liteardḋa" agus aiṫne do ċur ar ġnáṫ-teangaḋ na ndaoine. Na páipéaraí Gaeilge féin a ḃíos ag fáil ó m'aṫair ḃíoḋ níos mo de'n "Ġaeilg Liteardḋa" ionta san ná a ḃíoḋ den ġnáṫ-Ġaeilg. Fuair m'aṫair bás agus ní ḟuaras aċ an t-aon ṗáipéar aṁáin ó ṡoin síos go dtí'n Deireaḋ Fóṁair seo caiṫe nuair a ṫoisiġ cara maiṫ inteaċ ag cur AMÁRAĊ ċugam. Dá mbéaḋ an t-am anois agam níos mó na scánáil do ḋéanaṁ ar AMÁRAĊ ba ġearr nó go mbeaḋ a lán eolais agam ar an Ġaeḋilg a laḃartar ċois teineaḋ.

Is fada an lá ó'n lá úd ó'r ḟoġ-luimeas don ċéad uair gurḃ í "cailc" a ḃí i láiṁ an Ḃráṫara Uí Murcaḋa agus ní "chalk". Dá nglacfaḋ sé ċoṁ fada d'aċan duine an Ġaeḋilg d'ḟoġluim ní cosaṁail go dtiocfaiḋ sí arais ċoiċe mar ṫeanga laḃarṫa daoine na hÉireann, aċ táim cóir-a-ḃeiṫ cinteaċ go ḃfuil dóiṫ níos fearr —níos éasca agus níos tapaiḋe ċun í foġluim dá mbeaḋ na daoi-ne a gcuid leisceaċta ċaiṫeaṁ uafa agus taḃairt faoin obair i ndáiríriḃ.

Goidé fá dtaoḃ de a Ġaeḋeal-aiġ?

"ÉIREANNAĊ."

Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill, Clóbhualadh.

Seanmoir Spreagúil ar Traidisiún Creidiṁ Cill Mór – Iorras

Foṫraċa Séipeal ann ón Séú Aois

Ag coisreacú an tséipéal nua i dTíorán, Béal an Ṁuirṫid. Ba é an Dr. Ó Loinn, Ollaṁ i gColáiste Muireaḋaiġ, Béal an Ḟeaḋa, a ṫug an seanmóir speisialta i nGaeilge.

Ṫosnaiġ an Dr. Ó Loinn leis an abairt: "Ġráiġ mé a Ṫiarna áileaċ do ṫí agus an áit a gcónaíonn do Ġlóir."

"A Ṫiarna Easpaig, a Aiṫ-reaċa Oirṁeaċa agus a ṗobal dílis—Ar maidin inniu, agus siḃ ḃus suí insan séipéal álainn seo don ċéad uair, smaoinigí tamall liomsa ar na seana séipéil atá insan ċeantar seo. Foṫraċ. an tsean séipéil do Naoṁ Dairḃile, ag Fál Ṁór, ón 7ú nó an 8ú aois. Sean foirgneaṁ na Mánaċ ar In-is Ciaiṫ, ón 6ú nó an 10ú, Cealla na Mánaċ agus na sean leaċtan-na de Ṁainistir Naoṁ Bréann-áin ar Inis Glóire, ón 6ú aois. Is fada an tmall uaṫa sin go dtí an t-am i láṫair, aċ. taispeáineann sé an traidisiúin Críostaí atá insan ṗaráiste seo de Cill Mór-Iorras. Is cuid den traidisiún seo go ḃfuil an séipéal seo ainm-níṫe do Naoṁ Breannáin agus go ḃfuil éaċtraí óna beaṫa le feiceáil ins na gloiní daiṫe atá ins na fuinneogaí anseo.

"Ba ċeart díḃ a ḃeiṫ buíoċ den ṗobal dílis, ḃur sinsear féin a ċoimeál an creideaṁ slán, an-uas na blianta, in aineoin anró agus géar-leanúint.. Go speis-ialta, ba ċeart díḃ buíoċas a ṫaḃairt do Ḋia a ṫug tiolacaḋ dul ċun cinn insan Ċreideaṁ dóiḃ.

"Maidir leis na scéaltaí fá Naoṁ Breannán ṫig linn a rá go cinnte go dtug sé é féin go hiom-lán do saol na Mánaċ ag Cluain Fearta, ag Inis, agus ag Árd Fearta. Ag deireaḋ a ṡaoil, ċua-iġ sé siar go hInis Glóire agus ansin ḃunaiġ sé mainistir eile ansin. Is beag atá ar eolas ag-ainn fán ṁainistir seo nó ar ionad na mánaċ. Is cinnte gur ċaiṫ Naoṁ Breannán agus a ċó-ṁánaí saol crua féin-íoḃairt-eaċ ansin. Ḃí sin fíor do na mánaí Éireannaċa uiliġ san tsean am. Ṫig linn a ḃeiṫ cinnte gur ṡiúil Breannán na casáin anseo agus gur ḟreastal sé ar an ṗobal ins na ceanntair céan-na ina ḃfuil siḃ-se ina gcónaí. Coiméadtar féile Naoṁ Brean-náin ar an 16ú lá do Ḃealtaine, sin é an lá inniu. Tugtar onóir speisialta dó i ndeoise Ciarraí ⁊ Cluain Fearta, mar príoṁ ṗat-rún na ndeoisí seo.

"A Ṗobal dílis, le coṁoibriú ⁊ le treor ḃur sagart, tóg siḃ séipéal breá anseo. Ní naċ ion-aḋ, tá áṫas croí orraiḃ inniu go ḃfuil ḃur n-Easpag anseo le é a ċoisreacú agus a tiolacaḋ do ṡeirḃís Dé. Ó seo amaċ, tá sé curṫa ar leiṫ leis féin, mar séipéal. An áit a dtig siḃ le céile le onóir a ṫaḃairt do Dia. Sé Teaċ an Ṗobail, teaċ na ndaoine. teaċ Dé é. Ó seo amaċ beiḋ baint ag aċan duine agaiḃ leis an séipéal seo. Beiḋ sé mar Teaċ Solus spioradálta le siḃ a ṫreorú ar ḃur n-aistir go Flaiṫ-eas. Cuireann na tiṫe soluis ag Fód Duḃ agus ag Carraig Duḃ iascairí ar a n-aire ar na carraig-eaċa dainséaraċa agus treora-ionn sé go dtí pasáiste slán iad.

Ón séipéal seo, glacfaiḋ siḃ ḃur dtreor don ċásan cúng dír-eaċ ċuig an ḃeaṫa maiṫ.

An tAṫair Liam Caffraiġ, Uaċ-tarán Coláiste Naoṁ Muireaḋ-aiġ, a léiġ an t-Aifreann, an tAṫair Miċeál Laḃin, S.C., mar deacon agus an tAṫair Seán Coill Aiḋn. Ollaṁ Meánscoil Béal an Ṁuirṫid. mar fó-Deacon agus an tAṫair Gearóid Ó Mór-ḋa, Riarṫóir Béal Áṫa an Ḟeaḋa, mar máistir tearmanais. Ċoṁ maiṫ leis an Dr. Ó Baoill, a ċoisreac an Séipéal ḃí an t-Árd-Deacon Miċeál F. Canon Ó Fían-aiġ, S.P., Béal an Ṁuirṫid. I láṫair agus ar an ċléir eile a ḃí i láṫair ḃí an tAṫair Séamas Canónaċ Cillgallin, S.P., Fód Duḃ, an tAṫair Pádraic Canon Ó Durcáin, S.P.. Beannċor Ior-ras, an tAṫair Uinsionn Ó Mór-ḋa, S.C., Fód Duḃ, an tAṫair S. Ó Maolċiaráin, S.C., Béal an Ṁuirṫid. Ḃí an cór ó Scoil Náis-iúnta Eaċléim faoi stiúrú ag príoṁ oide na scoile, Éamonn Ó Ciarḋa, O.S.

Bainisteoir Condae na Gaillime

Tá post Bainisteoir Condae na Gaillime, folaṁ. mar tá an tUasal ÓFloinn ag éirí as. D'éir-iġ an tUasal Ó Floinn as Dé Ceadaoine seo caiṫe .Tá sé tar-éis 23 bliain a ċaiṫeaṁ mar Bainisteoir. Ceapaḋ é ar tús, in Lúnasa, 1942, aċ, leanfaiḋ sé mar Bainisteoir go ceann tréiṁ-se eile go dtí go mbeiḋ a ċoṁ-arba ceapaiṫe.

Ní raiḃ an tUasal F. Ó Cuag-áin, T.D.. sásta leis seo, agus ṁol sé go gceapfaí an tUasal Breaṫnaċ, mar Bainisteoir sea-ladaċ.

Ní raiḃ an Bainisteoir sásta leaṫnú ama a ṫaḃairt do oiḃ-riṫe an Ċoṁairle agus níl ḟios agam cé'n fáṫ go ḃfaiġeaḋ sé féin an rud céanna — adúirt an tUasal Ó Cuagáin.

Arsa Seán Mac Eoċagáin — Tá sé aisteaċ agamsa, má ḃí an Bainisteoir le h-imeaċt, ar an 2ú lá de Ṁeiṫim, cé'n fáṫ naċ raiḃ sé ar an ċlár roiṁe seo?

Gleann Ḟinne

Cáineaḋ Aoḋ Mac Ḟloinn, Leiṫ-ir Droic, Cloċán, £10, ag Cúirt Dúiċe ag Sraiṫ an Urláir as dam-áiste mailíseaċ a ḋéanaṁ do fuinneóg caraḃán ag Drocaḋ ar an 9ú lá de Ṁárta. N-ordaíoḋ dó £5-10-0 cúiṫiṁ agus £5-5-6 costaisí a íoc coṁ maiṫ. Dúirt Pádraic Mac Aoḋa, gur le muin-tin scannán taisteal an cara-ḃán. Ċonaic sé Mac Ḟloinn ag bualaḋ na fuinneoige agus ċuala sé an gloine ag briseaḋ. Ag freagairt Aoḋ Mac Maoláin don ċosantóir, dúirt Ó hAoḋa, gur ḃuail Mac Ḟloinn an ḟuinneog le n-a láiṁ agus go raiḃ scaifte de naonṁar nó deiċniúr ag seasaṁ ṫart ag an am. Dúirt Seosaṁ Mac Ḟionntaiġ go ḃfaca sé Mac Ḟloinn ag siúl suas go dtí an ḟuinneog agus ag taḃairt buille dó lena ḋorn. Ċuala sé an gloine ag briseaḋ. Dúirt sé leis an Uasal Mac Maoláin go raiḃ roinnt capers ag dul ċun tosaí, aċ nár ṡíl sé gurb é sin an rud a ḃris an ḟuinneog. Dúirt Martha Courtnaiġ ar léi an cara-ḃan, go raiḃ sí ag dul isteaċ an caraḃan nuair a ċuala sí an bang ag an ċúl, agus riṫ sí ċuig an ḟuinneog. Ċonaic sí roinnt buaċaillí ag dul isteaċ i siopa, agus ċuaiġ sí isteaċ ina ndiaiḋ. Dúirt an Gárda Mac Doṁnaill go raiḃ an ḟuinneog 6 troiġ ó'n talaṁ agus go raiḃ poll san ġloine sé h-orlaí ón ḃun. Ar an talaṁ fé'n ḟuinneog, fuair sé cloċ beag agus ḃí an poll sa ġloine cosúil le dá gcuirtí an ċloċ tríd. Ní raiḃ cloċ ar biṫ eile sa ċeantar. Ní raiḃ aon ċloċ taoḃ istiġ den ċaraḃan. Dúirt an Giúistís Ó Lorcáin go raiḃ sé sásta ón ḟianaise gur ḃris Mac Ḟloinn an ḟuinneog. Socraíoḋ bannaí dá mbeaḋ aċċoiṁirc ann.

Anagaire

Leis an tamall mór triomlaiġ níl na barraí i gceantar Ana-gaire ag dul ar aġaiḋ go maiṫ. Tá na préataí mall agus níl mórán fás faoi ċoirce aċ oiread.

Tá Coṁairle Condae Dún na nGall ag braṫ fluoridation a ḋéanaṁ ar scéim uisce na Ros-ann gan ṁoill.

Tá daoine gnóṫaċ ag bailiú carraigín agus duilisc ar ċlad-aċ na Rosann. Deirtear go ḃfuil an dá ċeann fairsing go maiṫ agus go furasta a ḃailiú. Tá éileaṁ mór fá ċoinne oiread ⁊ is féidir a ḃailiú.

Tá Miċeál Mac Giolla Bríde, as Mín Doire na Slua, indiaiḋ filleaḋ arais na ḃaile taréis dó 30 bliain a ċaiṫeaṁ sna Stáit Aontaiṫe.

Níl mórán raṫ ar an slat-ias-caireaċta insan ċeantar ó d'osc-ail an séasúr. Ḃí an aimsir ró ṫirim agus ní raiḃ go leor uisce ins na h-aiḃneaċa, agus coṁ maiṫ leis sin, ḃí sé ró ḟuar do na bric.

Ḃí stoirm gaoiṫe móire ann an tseaċtain seo ċaiṫe agus ċuir sé isteaċ tuilleaḋ ar cúrsaí curaíoċta agus ar na barraí.

Aonaċ Fálċarraċ

Ḃí aonaċ maiṫ ar an Ḟalcarraċ le neart stoc ar tairiscint, agus éileaṁ maiṫ orṫa. Ċuaiġ ba bainne agus ba ionlaoiġ luaċ maiṫ agus ceannaíoḋ a raiḃ ar tairiscint. Ba bainne, £60-£75; ba ionlaoiġ. £60-£82; bearaiġ trí-bliana £56-£64; dá-bliana, £48-£58; bliana, £38-£56. Ċuaiġ gaṁna óga ó ṡeaċtain go sé seaċtaini ó £20-£24.